

# Foirm Iarratais ar Chinntiúchán na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le Rochtain Phoiblí ar Shaoráid Chóiríochta Foirgnimh / Gairdín / do Thurasóirí



Alt 482 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Cáin Ioncaim agus Cáin Chorpáraide)

Léigh an fhaisnéis a chuimsítear ar Leathanach 4, le do thoil, sula gcomhlánaítear an fhoirm seo.

## SONRAÍ

Saghas na maoinne a bhfuil éileamh á dhéanamh air      Foirgneamh       Gairdín       Saoráid Chóiríocht do Thurasóirí

Ainm na Maoine: \_\_\_\_\_  
(le faomhadh faoi Alt 482)

Seoladh Iomlán na Maoine: \_\_\_\_\_  
(áirigh Eircode)

Ainm an Úinéara/an Áititheora: \_\_\_\_\_

Seoladh an Úinéara/an Áititheora: \_\_\_\_\_  
(áirigh Eircode)

UPSP an Éilitheora: 

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Uimhir Theagmhála i rith an Lae:       Seoladh R-phoist:

Ainm an Ghníomhaire (más ann dó): \_\_\_\_\_

Seoladh an Ghníomhaire: \_\_\_\_\_  
(áirigh Eircode)

## MÍR A

### FAISNÉIS A THEASTAÍONN LE HAGHAIDH CINNTIÚCHÁIN AR SHAORÁID CHÓIRÍOCHTA FHAOFA FOIRGNIMH / GAIRDÍN / DO THURASÓIRÍ

Ceanglas den reachtaíocht is ea é go ndeonaíonn An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta cinntiúchán maidir le foirgneamh / gairdín a mbaineann leas gairneoireachta, eolaíochta, stairiúil, ailtireachta nó aeistéitiúil intreach leis. In leith seo, iarrtar ort an méid seo a leanas a sholáthar:

Ar dheonaigh An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta cinntiúchán?

Dheonaigh  Níor Dheonaigh

Má rinneadh cinntiúchán, iarrtar ort cóip den chinntiúchán a chur faoi iamh.

Tabhair faoi deara nach féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim cinntiúchán a dhéanamh maidir le rochtain phoiblí go dtí an trátha sin go bhfuil cinntiúchán déanta ag An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Iarrtar ort cóip den chinntiúchán a sheoladh ar aghaidh a luaithe a bhíonn sé déanta ag an Roinn.

Má díoladh aon chuid den mhaoin atá cumhdaithe ag an gcinntiúchán a rinne An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, iarrtar ort sonraí a sholáthar?

### SONRAÍ FAOI ROCHTAIN BHEARTAITHE PHOIBLÍ

Ceanglas den reachtaíocht is ea é go mbíonn an foirgneamh iomlán nó cuid shubstainteach de ar oscailt don phobal. In leith seo, iarrtar ort an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar:

An bhfuil an foirgneamh iomlán nó cuid shubstainteach de ar oscailt don phobal? Tá  Níl

Mura bhfuil an foirgneamh iomlán ar oscailt don phobal, tabhair sonraí ar na codanna den fhoirgneamh atá ar oscailt agus luaigh thart ar cén céatadán den fhoirgneamh atá i gceist leis seo:

Mura bhfuil an foirgneamh ar oscailt don phobal, luaigh, le do thoil, an chúis nach bhfuil sé ar oscailt agus cathain a osclófar é.

Luaigh na dátaí, laethanta, amanna agus uaireanta i rith na bliana a bhíonn/a bheidh an foirgneamh ar oscailt don phobal:

Dátaí (ó agus go dtí)	Líon na Laethanta	Uaireanta Oscailte	Líon na nUaireanta

Luaigh an líon iomlán laethanta i ngach bliain ina bhfuil rochtain ar fáil don phobal:

Cad é costas an cheada isteach (más ann dó) a ghearrtar ar an bpobal ar an rochtain sin? **Ní bhaineann seo ach le foirgneamh nó gairdín.** (Tabhair praghsanna iomlána agus lamháltais, le do thoil)

Iomlán: €

Lamháltas: €

(Mic Léinn / Pinsinéirí Seanaoise / Grúpaí)

I gcás saoráid chóiríochta do thurasoirí, luaigh an dáta a cláraíodh an mhaoin le Fáilte Éireann:

L	L	M	M	B	B	B	B
---	---	---	---	---	---	---	---

## MÍR B

### SONRAÍ FÓGRAÍOCHTA

Tabhair le fios, le do thoil, an bealach ina gcuirtear / gcuirfear muintir an phobail ar an eolas ar rochtain ar an maoin (cuir tic sna boscaí cuí, le do thoil, agus cuir grianghraf den chlár fógraí, cóipeanna d'fhógraí / bhileoga, sonraí faoin láithreán gréasáin srl faoi iamh leis an iarratas seo).

Clár Fógraí

Bileog / Bróisiúr

Nuachtán / Fógraí / Irisleabhar

Oifigí Turasóireachta

Láithreán Gréasáin

Eile

Sonraigh, le do thoil: \_\_\_\_\_

## DEARBHÚ

Dearbhaím / Dearbhaímid\* go bhfuil na critéir a luaitear ar an bhfoirm seo fíor agus ceart agus larraim / larraimid ar na Coimisinéirí Ioncaim chun cinntiúchán a dhéanamh faoi Alt 482(5)(a)(ii)(l) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 maidir leis an bhfoirgneamh a luaitear ar an bhfoirm seo.

Geallaim / Geallaimid\* chun na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas, gan mhoill, ar aon athruithe a thagann ar an staid maidir le rochtain phoiblí a dtugtar cuntas uirthi tuas.

Síniú an Éilitheora / na nÉilitheoirí \_\_\_\_\_ Dáta \_\_\_\_\_

nó Rúnaí Cuideachta \_\_\_\_\_ Dáta \_\_\_\_\_

\*Scríos faoi mar is gá

## RABHADH

Tá aon duine a dhéanann ráiteas bréagach ar mhaithe le haon fhaoiseamh nó aisíocaíocht cánach a fháil faoi dhlíteanas na bpionós a ghearrtar san Acht Cánach.

## FAISNÉIS

Tá rialacha mionsonraithe i dtaca leis an scéim ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ag [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie)

### Ba cheart foirmeacha comhlánaithe a sheoladh ar ais chuig:

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim,  
An Brainse Cáin Ioncaim Ghnó,  
Urlár 1, An Foirgneamh Nua Stampála,  
Caisleán Bhaile Átha Cliath,  
Baile Átha Cliath 2, D02 HW86.

Guthán: 01 - 858 9823 / 858 9825  
Ríomhphost: [heritageunit@revenue.ie](mailto:heritageunit@revenue.ie)

### Is féidir foirmeacha iarratais ar chinntiúchán ag An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a fháil ó:

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta,  
An Rannóg Oidhreachta Tógtha agus Beartas Ailtireachta,  
Teach an Chustaim,  
Baile Átha Cliath 1, D01 W6XO.

Guthán: 085 806 2690  
Ríomhphost: [builtheritage@chg.gov.ie](mailto:builtheritage@chg.gov.ie)

### Riachtanais Rochtana Poiblí Alt 482

Faoi fhorálacha Alt 482 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, caithfidh na Coimisinéirí Ioncaim a bheith sásta go gcomhlíontar na riachtanais íosta rochtana poiblí a leanas:

- Caithfidh rochtain ar an bhfoirgneamh / ngairdín iomlán nó ar chuid shubstainteach a bheith ar fáil.
- Tugtar rochtain ar feadh tréimhse ar a laghad 60 lá in aon bhliain amháin, ina measc tráth nach lú ná 40 lá i rith na tréimhse ón 1 Bealtaine go dtí an 30 Meán Fómhair, 10 lá san áireamh ar an Satharn nó an Domhnach.
- Mar chuid den riachtanas oscailte 40 lá, caithfidh rochtain a bheith ar fáil i rith Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta, ar an iomlán (a mhéid sin a thagann an tseachtain aníos laistigh den tréimhse ón 1 Bealtaine go dtí an 30 Meán Fómhair) sa chás go dtabhaítear caiteachas cáilitheach i dtréimhse inmhuirir ar leith.
- Ní mór gurb ionann na hamanna laethúla féachana ach ceithre huaire an chloig, ar a laghad.
- Caithfidh an praghas isteach, más ann dó, a bheith réasúnta, d'fhonn nach gcuireann sé srian ar an bpobal ó rochtain a lorg ar an bhfoirgneamh / ngairdín.
- Anuas ar an bpobal i gcoitinne a chur ar an eolas trí fhógraíocht srl ba cheart clár fógraí a chur in airde lasmuigh den mhaoín ar a leagtar amach go soiléir dátaí agus amanna oscailte. Ba cheart go mbeadh an mhaoín inrochtana gan choinníollacha ar na dátaí agus na hamanna a shonraítear ar an gclár fógraí.
- I gcás saoráid chóiríochta do thurasóirí, caithfear í a chlárú nó a liostú le Fáilte Éireann agus a bheith ar oscailt ar feadh sé mhí den bhliain féilire, ar a laghad, agus ní mór go mbíonn ceithre mhí den bhliain féilire sin a bheith sa tréimhse ón 1 Bealtaine go dtí an 30 Meán Fómhair.
- Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhforáiltear in Alt 482, sa chás nach léirítear meas ar na coinníollacha a bhaineann le rochtain ag an bpobal is féidir aon fhaoiseamh cánach a deonaíodh le 5 bliana anuas seo a aisghlámhadh.
- Tabhair faoi deara go seiceálann na Coimisinéirí Ioncaim, trí chomhfhreagras (.i. Foirm Chlárúcháin Bhliantúil) agus trí chuairteanna a thabhairt, go bhfuil riachtanais rochtana Alt 482 á gcomhlíonadh.

### An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Tugann na Coimisinéirí Ioncaim gealltanais chun a seacht ndícheall a dhéanamh chun aon fhaisnéis a choimeád faoi rún a sholáthraíonn tú mar fhreagairt ar an iarratas seo, faoi réir dhualgais na gCoimisinéirí Ioncaim faoin dlí, lena n-áirítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

Tabhair faoi deara, le do thoil, mar fhreagairt ar iarraidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, féadtar faisnéis a bhaineann le d'iarratas a scaoileadh.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus cuireann siad rialuithe custam i bhfeidhm. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar chun na gcríocha seo agus chun roinnt feidhmeanna eile reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais faoi chúinsí áirithe sa chás go bhforáiltear seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi bheartas um chosaint sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an gcaoi a n-úsáidimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie)**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcrúachóip chomh maith, ach é sin a iarraidh.